Bunreacht éirígí

Roinn a hAon

BROLLACH

De bhrí go dtéann ár bhfealsúnacht ghníomhaíochais agus eagraíochta polaitiúil i muinín an chreidimh dhiongbháilte go bhfuil ceart bunúsach agus do-aistrithe ag muintir na hÉireann, agus ar ndóigh ag an saol mór, ar a saoirse féinrialaithe náisiúnta, polaitiúla agus eacnamaíochta; agus de bhrí go dtagann an ceart seo ó aithint go rugtar cách ar chomhchéim lena chéile agus le saoirse agus eiseadh a oireann don tualangacht atá nádúrtha i mballraíocht sa chine daonna; agus de bhrí go ndiúltaímid do na hidé-eolaíochtaí sin a chuireann ar bun agus a thugann údar maith le smachtú aicme, grúpáil shóisialta nó náisiún amháin ag ceann eile, chun leasa polaitiúla agus eacnamaíochta grúpa amháin thar grúpa eile; agus de bhrí go bhfuil muid dár gcinneadh streachailt ar son bhunú sochaí bunaithe ar phrionsabail dlúthpháirtíochta daonna agus comhoibrithe, ina mbeidh cearta aonair agus comhchoiteann, de réir a gciall iomlán, caomhnaithe agus cosanta, glacaimid leis seo thíos:

1.0 Ainm
1.1 éirígí an t-ainm a bheas ar an eagraíocht.

2.0 Prionsabail
2.1 Cuimsíonn limistéar náisiúnta na hÉireann oileán na hÉireann, a bhealaigh uisce, a aerspás, a oileáin agus a mhara.

2.2 . Is ceart ceannasach dochloíte é ceart mhuintir na hÉireann chun seilbh na hÉireann agus chun dála na hÉireann a stiúradh gan srian.

2.3 Rugtar gach duine saor agus ar chomhchéim lena chéile agus tá gach a bhfuil riachtanach chun a dtualangacht féin a chomhlíonadh ag dul dóibh le ceart.

3.0 Cuspóirí
3.1 Cúlú na Breataine ó na sé chondae forghafa a chur i gcrích.

3.2 Poblacht Shóisalach 32-chondae na hÉireann a bhunú bunaithe ar phrionsabail an cheannais, daonlathais, saoirse, ceartais, comhionannais, dlúthpháirtíochta idirnáisiúnta agus pobail.

3.3. Cinntiú go bhfuil an ceart ag gach duine ar mhaoin agus ar acmhainní déanta maoine an náisiúin cinntithe in a leithéid de Phoblacht. Ina theannta sin, rachfar i mbannaí ar chomhchomhairle gach duine ar gach gné den chumhacht pholaitiúil agus eacnamaíochta sa Phoblacht chéanna, le ceart.

3.4 Deireadh a chur le gach ceangal na hÉireann leis na gníomhartha agus comhaontais úd a chuireann isteach ar cheannas agus neamhspleáchas náisiún agus daoine eile, agus gníomhartha agus comhaontais bunaithe ar

phrionsabail na dlúthpháirtíochta agus comhoibrithe idirnáisiúnta a chur in ionad na gceann úd.

3.5 Athbheochan úsáid laethúil fhorleathan na Gaeilge ar fud na hÉireann a chur chun cinn, agus meas agus tuiscint níos doimhne ar ról chultúir na hÉireann in Éirinn an lae inniu a spreagadh.

4.0 An Chaoi

4.1 Trí eagrú feachtas polaitiúil éifeachtach dírithe ar an éagóir atá nádúrtha i gcomhchóras an chaipitleachais agus an impiriúlachais a chur chun suntais, agus rogha an Phoblachtánachais Shóisialaigh a chur chun cinn.

4.2 Trí chothú forleathan léirmheastóireachta poblachtaí sósialaí ar Éirinn agus ar shaol mór an lae inniu.

4.3 Trí dhul i gcomhar le heagraíochtaí agus le daoine aonair eile, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon, a bhfuil macasamhail chuspóirí éirígí acu.

4.4 Trí dhul san iomaíocht ar thoghcháin nuair a mheastar gur chun leas chuspóirí éirígí é dul in iomaíocht ar na toghcháin úd. Déanfaidh an bhallraíocht ag An Ard-Fheis nó ag an Chiorcal Áitiúil aon chinneadh a bhaineann le dul in iomaíocht ar thoghcháin agus le páirt a ghlacadh in institiúidí ina bhfuil baill tofa.

5.0 Ballraíocht

5.1 I muinín phrionsabail na cothroime comhchoitianta, is féidir le haon duine bheith ina bhall d'éirígí ach é a bheith os cionn 16 bliain d'aois agus ag aontú le prionsabail éirígí, sásta oibriú chun cuspóirí éirígí a bhaint amach agus sásta cloí le cód réabhlóideach iompraíochta éirígí agus a nós coimhdeach imeachta smachta.

5.2 Is féidir leis an Chiorcal Náisiúnta amháin ballraíocht in éirígí a dheonú.

5.3 Is féidir leis an Chiorcal Náisiúnta amháin ballraíocht in éirígí a chealú, i ndiaidh chur i bhfeidhm an nóis imeachta smachta mar atá siad leagtha amach i roinn a dó den bhunreacht seo.

5.4 Beidh An Rúnaí Ginearálta freagrach as coiméad liosta beacht den uile ball.

5.5 Ní féidir le baill éirígí bheith ina mball de pháirtithe polaitiúla eile.

5.6 Ní féidir le baill éirígí páirt a ghlacadh sna hinstitiúidí tofa atá bunaithe i Westminster ná Stormont.

6.0 Struchtúir

6.1.0 Buailfidh **An Ard-Fheis**, údarás deiridh éirígí, buailfidh sí le chéile ar bhonn bliantúil. Tá ceart ag gach ball de éirígí chun freastal ar agus vótáil ag An Ard-Fheis.

6.1.1 Beidh an chumhacht ag An Ard-Fheis polasaí nó stráitéis ar bith de chuid éirígí a uchtú nó a athrú.

6.1.2 Beidh an ceart ag An Chiorcal Náisiúnta agus baill aonair rúin agus moltaí a chur i láthair le haghaidh cuimsiú ar chlár na hArd-Fheise. Ní foláir na rúin agus moltaí seo a chur i láthair An Chiorcail Náisiúnta 28 lá ar a laghad roimh dáta an rud chéanna.

6.1.3 Soláthrófar clár na hArd-Fheise bliantúla (a chuimseoidh téacs gach rúin mholta, moltaí straitéise nó polasaí, leasuithe molta ar an bhunreacht agus ainmniúcháin do phoist náisiúnta) do gach ball ar a laghad 21 lá roimh dáta an rud chéanna.

6.1.4 Toghfaidh An Ard-Fheis An Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach, An Rúnaí Ginearálta, Cisteoirí (x2), An tOifigeach Caidrimh Phoiblí agus An tOifigeach Ballraíochta le bheith ar An Chiorcal Náisiúnta.

6.1.5 Beidh sé de dhualgas ar An Chiorcal Náisiúnta An Ard-Fheis a shocrú agus a thionól.

6.1.6 Soláthrófar fógra 56 lá ar a laghad ar am, dháta agus shuíomh na hArd-Fheise do gach ball.

6.1.7 Is féidir Ard-Fheis Spéisialta a thionól nuair a thacaíonn An Ciorcal Náisiúnta **nó** trian den bhallraíocht iomlán le rún ag éileamh an rud chéanna. Ní mór d'a leithéid de rún an fáth/na fáthanna do thionól na hArd-Fheise a chuimsiú.

6.1.8 Soláthrófar fógra 21 lá ar a laghad ar am, dháta agus shuíomh na hArd-Fheise spéisialta do gach ball.

6.2.0 Buailfidh **An Ciorcal Náisiúnta**, a bhfuil cur i bhfeidhm gach cinneadh a ghlacann An Ard-Fheis agus riaradh leathúil éirígí mar chion oibre acu, buailfidh sé le chéile uair amháin gach sé seachtaine ar a laghad.

6.2.1 Séard a bheas sa Chiorcal Náisiúnta ná An Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach, An Rúnaí Ginearálta, Cisteoirí (x2), An tOifigeach Caidrimh Phoiblí agus An tOifigeach Ballraíochta, agus ceithre chomhthoghadh ar a mhéad agus Cathaoirligh gach ciorcal áitiúil.

6.2.2 Beidh tinreamh ar a laghadh trian de bhaill an Chiorcail Náisiúnta de dhíth chun córam a dhéanamh.

6.3.0 Bunófar **Ciorcail Áitiúla** laistigh de limistéir gheografacha ghlana agus beidh forbairt éirígí sa cheantar sin mar chion oibre acu.

6.3.1 Beidh an t-údarás chun Ciorcal Áitiúil a bhunú agus a dhíbhunú ag An Chiorcal Náisiúnta amháin.

6.3.2 Toghfaidh gach Ciorcal Áitiúil An Cathaoirleach, Rúnaí agus Cisteoirí (x2) ar bhonn bliantúil.

6.5 Beidh an t-údarás ag An Ard-Chiorcal **Ranna** a bhunú chun díriú ar shainréimsí glana oibre.

7.0 Cinneadh comhairle

7.1 Ag tuigbheáil tábhacht na comhchinnteoireachta i gcomhthéacs na streachailte réabhlóidí déanfar seacht ndícheall na leibhéil is airde rannpháirtíochta i bpróisis inmheánacha cinnte comhairle éirígí a bhaint amach.

7.2 Ag tuigbheáil gur féidir le nádúr vótáil tromlaigh shimplí a bheith scoilteach déanfar seacht ndícheall teacht ar chomhaontú ar gach moladh roimh caitheamh na vótaí.

7.3 Beidh vóta cothrom ag gach ball ar mhórcheisteanna straitéise agus polasaí.

7.4 Bainfidh gach cinneadh ar chomhairle maidir le mórcheisteanna straitéise agus polasaí úsáid as an phróiseas cinnteoireachta luaite i roinn a dó den bhunreacht seo.

8.0 Leasuithe ar Bhunreacht éirígí

8.1 Ní féidir ach leis An Ard-Fheis 'Roinn a hAon' de Bhunreacht éirígí a leasú. Ní foláir fógra ar leasuithe molta ar 'Roinn a hAon' de Bhunreacht éirígí a sholáthar i scríbhinn do gach ball ar a laghad 21 lá roimh buaileadh na hArd-Fheise. Beidh gá le tacaíocht dá-thrian de na baill atá ag vótáil ag An Ard-Fheis chun 'Roinn a hAon' de Bhunreacht éirígí a leasú.

8.2 Ní féidir ach leis An Ard-Fheis nó vóta na mball ag cruinniú Ciorcal Áitiúil 'Roinn a Dó' de Bhunreacht éirígí a leasú. Ní foláir fógra ar leasuithe molta ar 'Roinn a Dó' de Bhunreacht éirígí a sholáthar i scríbhinn do gach ball ar a laghad 21 lá roimh buaileadh na hArd-Fheise nó cruinniú Ciorcal Áitiúil. Beidh gá le tacaíocht dá-thrian de na baill atá ag vótáil ag An Ard-Fheis nó ag an Chiorcal Áitiúil chun 'Roinn a Dó' de Bhunreacht éirígí a leasú.

Roinn a Dó

1.0 Ballraíocht
1.1.0 Tugtar ballraíocht de éirígí i ndiaidh sé mhí de thréimhse thástála.

1.1.1 Tugtar ballraíocht tástála nuair atá An Ciorcal Náisiúnta sásta go bhfuil an t-iarrthóir dáiríre, agus go n-aontaíonn sé/sí le cuspóirí agus priosabail phoblachtacha shóisialacha éirígí.

1.1.2 Níl ceart vótála ag baill tástála ag An Ard-Fheis, An Chiorcal Náisiúnta nó Ciorcail Áitiúla agus níl cead post a bheith acu i struchtúir éirígí.

1.1.3 I gcás ar leith ina bhfuil beirt bhall neamhthástála atá ann sásta bheith mar mholtóirí ar son iarratais tá an chumhacht ag an Chiorcal Náisiúnta an tréimhse thástála a laghdú nó a tharscaoileadh.

1.1.4 Is féidir le ball tástála ar bith a ndiúltaíodh ballraíocht iomlán dó achomharc a dhéanamh. Ní mór an t-achomharc scríofa seo a dhéanamh ar a laghad 14 lá i ndiaidh do scéal scríofa an chinnidh a bheith curtha chuig an duine a ndiúltaíodh ballraíocht dó. Pléifidh painéal triúr ainmnithe ag an Chiorcal Náisiúnta ag an chéad chruinniú eile an t-achomharc.

1.1.5 Le linn na tréimhse tástála iarrtar ar gach ball bheith i láthair ag agus páirteach i 'gClár Ionductaithe na mBall Nua'.

1.2.0 Measfar gur ball scaoilte a bheas in aon bhall nach mbíonn páirteacht i struchtúir agus imeachtaí an pháirtí le níos mó ná sé mhí.

1.2.1 I gcás ar leith beidh an chumhacht ag An Chiorcal Náisiúnta an tréimhse ina measfar go bhfuil ballraíocht duine scaoilte a shíneadh.

1.2.2 Níl ceart vótála ag baill scaoilte ag An Ard-Fheis, An Chiorcal Náisiúnta nó Ciorcail Áitiúla agus níl cead post a bheith acu i struchtúir éirígí.

1.2.3 Níl an t-údarás ach ag An Chiorcal Náisiúnta cinneadh nuair atá ballraíocht duine sacoilte.

1.3 Cuirfidh An Rúnaí Ginearálta cóip de gach prótacal ag baint le hearcaíocht agus ballraíocht ar fáil go gach ball.

2.0 Struchtúir
2.1.0 Bunóidh An tArd-Chiorcal coiste a mbeidh eagrú na hArd-Fheise bliantúla mar chion oibre acu ar a laghad 84 lá roimh an spriocdháta don Ard-Fheis.

2.1.1 I bhfoirm táispeáint lámh a bheas vótaí ag An Ard-Fheis a bhaineann le leasuithe ar an bhunreacht, ar stráitéis agus polasaí éirígí, agus ceart vótála ag gach ball ata i láthair.

2.1.2 Is féidir le baill aonair ainmniúchán a dhéanamh do thoghchán do phoist An Chathaoirligh, an Leas-Cathaoirligh, An Rúnaí Ghinearálta, na gCisteoirí, an Oifigigh Caidrimh Phoiblí agus an Oifigigh Bhallraíchta. Caithfear gach ainmniúchán a bheith faighte ar a laghad 28 lá roimh dáta na hArd-Fheise bliantúla.

2.1.3 Cuirfear ainmneacha iad siúd atá san iomaíocht i dtoghchán in iúl do gach ball ar a laghad 21 lá roimh dáta na hArd-Fheise.

2.1.4 I bhfoirm ballóide rúnda a bheas toghchán An Chathaoirligh, an Leas-Chathaoirligh, An Rúnaí Ghinearálta, na gCisteoirí, an Oifigigh Phoiblíochta agus an Oifigigh Bhallraíochta agus ceart vótála ag gach ball ata i láthair ag An Ard-Fheis.

2.2.0 Chun go dtarlóidh vótáil ar rún a thionólann Ard-Fheis speisialta tá tacaíocht deichniúr ball ainmnithe de dhíth ar an rún.

2.2.1 Déanfaidh An Ciorcal Náisiúnta cinnte go bhfuil gach ball ar an eolas faoi rún a thionólann Ard-Fheis speisialta ar a laghad 7 lá roimh chruinniú Ciorcal Áitiúil ina dtarlóidh vótáil ar an rún sin.

2.2.2 Is leor tromlach simplí le rún a éilíonn Ard-Fheis speisialta a rith nuair a bhíonn dhá-thrian ar a laghad den bhallraíocht iomlán páirteach sa vótáil sin.

2.3.0 Beidh an t-údarás ag an bhallraíocht An Ciorcal Náisiúnta a athghairm, nó baill aonair de.

2.3.1 Chun go dtarlóidh vótáil ar rún athghairme tá tacaíocht deichniúr ball ainmnithe ar a laghad ar dtús.

2.3.2 Déanfaidh An Ciorcal Náisiúnta cinnte go bhfuil gach ball ar an eolas faoi rún athghairme ar a laghad 14 lá roimh chruinniú Ciorcal Áitiúil ina dtarlóidh vótáil ar an rún sin.

2.3.3. Is leor tromlach simplí le rún athghairme a rith nuair a bhíonn dhá-thrian ar a laghad den bhallraíocht iomlán páirteach sa vótáil sin.

2.4 Beidh an t-údarás ag An Chiorcal Náisiúnta ceithre chomhthoghadh ar a mhéad a ainmniú don Chiorcal Náisiúnta.

2.5 I gcásanna ar leith nuair nach bhféidir le Cathaoirleach Ciorcail Áitiúil bheith i láthair ag cruinnithe An Chiorcail Náisiúnta is féidir ionadaí a chur ina (h)áit. Toghfaidh baill an Chiorcail Áitiúil an t-ionadaí úd.

3.0 Toghcháin

3.1 Beidh an t-údarás ag an bhallraíocht cinneadh a dhéanamh ar na mórcheisteanna straitéiseacha ar fad atá ag baint le toghcháin agus institiúidí tofa.

3.2.0 Beidh an chumhacht ag an bhallraíocht aon bhall a aisghairm agus iad ina (h)ionadaí tofa freisin.

3.2.1 Ionas go dtarlódh rún aisghairme caithfidh go mbeadh tacaíocht á fháil ón íosmhéid deichniúr ball ainmnithe ar dtús.

3.2.2 Déanfaidh An Ciorcal Náisiúnta deimhin go bhfuil na baill ar fad ar an eolas faoi rún aisghairme ar a laghad 14 lá roimh chruinniú Chiorcail Áitiúil, áit ina mbeidh vóta ar an rún sin.

3.2.3 Beidh tromlach simplí dóthanach chun glacadh le rún aisghairme áit nach mbeidh níos lú ná dhá thrian den bhallraíocht iomlán páirteach sa vóta seo.

3.3.0 Áit ina bhfuil ball ina (h)ionadaí tofa tógfaidh an ball sin treoracha ó éirígí ar gach ní atá ag baint lena ról mar ionadaí tofa.

4.0 Cinneadh ar Chomhairle

4.1 Tarlóidh vótáil ar mhórcheisteanna straitéise agus polasaí ag An Ard-Fheis nó Ciorcal Áitiúil.

4.2.1 Nuair a úsáidtear meicníocht an Chiorcail Áitiúil ar mhaithe le cinneadh ar chomhairle maidir le mórcheisteanna straitéise agus polasaí, baintear úsáid as an léirshamhail a leanas.

Céim 1: Dréachtfaidh An Ciorcal Náisiúnta moladh.

Céim 2: Scaipfear an moladhar gach ball 14 lá ar a laghad roimh chruinniú Ciorcal Áitiúil a thionólfar leis an mholadh a phlé.

Céim 3: Déanfar cur i láthair mínitheach ar son an mholta i ngach Ciorcal Áitiúil.

Céim 4: Glacfar agus freagrófar ceisteanna i dtaca leis an mholadh.

Ceim 5: Déanfar plé agus díospóireacht ar an mholadh agus na réimsí aighnis aithnithe, agus molfar leasuithe féideartha.

Céim 6: Leasóidh An Ciorcal Náisiúnta an moladh, más oiriúnach, le tabhairt faoi na réimsí aighnis.

Céim 7: Nuair a dhéantar leasú ar an bhunmholadh scaipfidh An Ciorcal Náisiúnta an moladh leasaithe ar gach ball 14 lá ar a laghad roimh cruinniú Ciorcal Áitiúil a thionólfar le vótáil ar an mholadh.

Céim 8: I ndiaidh na leasuithe a mhíniú, má tá aon leasú ann, vótálfaidh baill ar an mholadh leasaithe i gcruinniú Ciorcal Áitiúil a thionólfar le haghaidh vótail ar an mholadh. Beidh an rogha ag na baill tacú leis an mholadh nó cur i gcoinne an mholta go láidir.

Céim 9: Beidh An Ciorcal Náisiúnta freagrach as vótaí a bhailiú ó na Ciorcail Áitiúla éagsúla.

- Nuair a chuireann níos mó ná an leathchuid de vótalaithe in aghaidh an mholta go láidir, measfar nár glacadh leis an mholadh agus tréigfear é.

- Nuair a chuireann níos lú ná trian de vótalaithe in aghaidh an mholta go láidir, measfar gur glacadh leis an mholadh.

- Nuair a chuireann trian nó níos mó, ach níos lú ná an leathchuid, de vótalaithe in aghaidh an mholta go láidir, measfar nár glacadh leis an mholadh agus beidh sé mar ábhar 'choiste athmhuintearais'.

Céim 10: Nuair a bhíonn an moladh mar ábhar 'choiste athmhuintearais' tionólfaidh An Ciorcal Náisiúnta coiste chun a thuilleadh leasuithe féideartha ar an mholadh a aimsiú. Beidh riar ionadaíocht díobh siúd atá ar son agus in éadan an mholta go láidir ar na coistí seo. Cuirfear leasuithe molta ar aghaidh chuig An Chiorcal Náisiúnta.

Céim 11: Déanfaidh An Ciorcal Náisiúnta a thuilleadh leasuithe, más oiriúnach, ar dhréacht deiridh.

Céim 12: Nuair a dhéantar a thuilleadh leasuithe ar an mholadh scaipfidh An Ciorcal Náisiúnta an moladh deiridh ar gach ball 14 lá ar a laghad roimh cruinniú Ciorcal Áitiúil a thionólfar ar mhaithe le vótáil dheiridh ar an mholadh.

Céim 13: I ndiaidh na leasuithe a mhíniú, má tá aon leasú ann, vótálfaidh baill ar an mholadh deiridh i gcruinniú Ciorcal Áitiúil a thionólfar le haghaidh vótail ar an mholadh deiridh. Beidh an rogha ag na baill tacú leis nó diúltú don mholadh.

Céim 14: Beidh An Ciorcal Náisiúnta freagrach as vótaí a bhailiú ó na Ciorcail Áitiúla éagsúla.

- Nuair a thacaíonn níos mó ná an leathchuid de vótalaithe leis an mholadh, measfar gur glacadh leis an mholadh.

- Nuair a dhiúltaíonn níos mó ná an leathchuid de vótalaithe don mholadh, measfar nár glacadh leis an mholadh agus tréigfear é.

4.2.2 I bhfoirm táispeáint lámh a bheas vótaí i gCiorcail Áitiúla a bhaineann le mórcheisteanna straitéise agus polasaí.

4.2.3 Beidh rannpháirtíocht de leathchuid ar a laghad den bhallraíocht iomlán de dhíth le córam a dhéanamh chun glacadh le mórmholadh straitéise nó polasaí ar bith.

4.2.4 Beidh an ceart ag gach ball achainí a chur ar An Chiorcal Náisiúnta ar cheist ar bith ag am ar bith. Freagróidh An Ciorcal Náisiúnta gach achainí laistigh le 56 lá.

5.0 Cód Iompraíochta d'éirígí

5.1 *Intreoir*

Chun go mbeadh Cód Iompraíochta inghníomhaithe agus infheidhmithe tá sé riachtanach go dtuigeann gníomhaígh pholaitiúla go maith go gcaithfear féachaint ar a gcuid iompraíochta ar bhonn iomlánaíoch. Caithfear féachaint ar ár mbearta ní amháin i gcomhthéacs na hiompraíochta féin, ach i gcomhthéacs an tionchair a d'fhéadfadh a bheith aige ar mhórán bealaí ar an ghrúpa a bhfuil muid inár n-ionadaí dó.

Ní foláir freisin go bhfeictear iompar an phearsanra mar léirshamhail ar chomh polaitithe agus atá muid ar bhealach fíor-réabhlóideach. Go háirithe, ní foláir féachaint ar an iompar a bhfuil súil leis ó ghníomhaíoch polaitiúil réabhlóideach i gcomhthéacs an fhoinn cineálacha iompair a bhaineann le hord sóisialta ar tí báis a mhalartú ar na cineálacha siúd a léiríonn ord níos córa agus daonna atá le teacht. Ar an bhealach seo tá Cód Iompraíochta mianaidhmiúil agus téann sé i muinín mhothú réabhlóideach cirte agus ceartais na mball i dtaca lenár n-iompar féin agus leis an bhealach le caitheamh le daoine eile araon.

Nuair nach leor dul i muinín mothú cirte agus ceartais, agus mar aguisín ar an Cód Iompraíochta seo, tá nós foirmiúil imeachta smachta ann chun sárú smachta grúpa a fhiosrú agus a láimhseáil, bíodh sé in amhras nó fíor.

5.2 *Caipitleachas & Iompar*

Teastaíonn obair thógáil córais nua bunaithe ar phrionsabail shóisialacha na dlúthpháirtíochta, comhpháirtíochta agus comhghnímh pobail srl. uaithi go mbeidh tuiscint éigin ag gníomhaígh ar dtús ar na fachtóirí a fhágann rian ar iompar agus chaidrimh shóisialta an chine daonna.

Maíonn peirspictíocht ábharaíoch ar nadúr inspreagadh agus iompar an duine gur féidir an bealach ina ndéanann an duine aonair i sochaí ar bith caidreamh le daoine eile a thuigbheáil i gcomhthéacs bunluachanna na sochaí sin. Níl aon duine díonta ar thionchar na gcúinsí sóisialta inár rugadh agus ina maireann siad.

Chun an ceangal seo a léiriú ní gá dúinn ach cuid de shaintréithe an chórais chaipitligh a aimsiú. Ina measc tá carnadh, iomaíocht, dúshaothrú agus aonánachas. Dá réir spreagann iad seo sa duine aonair mothúchán na mbuniompar a thugann radharc ar bhunphrionsabail an chaipitleachais. Is samplaí cruthanta iad saint, iomaíocht, antlás, coimhlint, leithcheal, éad, easpa measa ar dhaoine eile, amhras srl. den iompar seo. Is comhartha iad seo go bhfuil stát na "canablachta sóisialta" ann, mar a thug an Conghaileach uirthi, ina bhfuil daoine trína gcuid gníomhartha ag alpadh a chéile go meafarach (mura go litriúil agus go díreach).

Is é croí an ábhair atá ráite go dtí seo go n-iomparíonn daoine de réir luachanna sósialta, polaitiúla agus eacnamúla na sochaí ina gcónaíonn siad. Mar sin de, ní tharlóidh athrú iompair go forleathan i gciall cháilíochtúil go dtí go bhfuil an tsochaí athruithe go leor go dtugann sí radharc ar luachanna nua eacnamúla, agus sóisialta dá réir.

5.3 *I dTreo Ord Sóisialta Nua*
Is cuid suntais iad gníomhaígh pholaitiúla den eite chlé ar an choiteantacht a bheag nó a mhór de bhrí go n-aimsíonn siad oiriúnacht, agus b'fhéidir riachtanas, athrú bunúsach i gcaidrimh eacnamúla, shóisialta agus pholaitiúla.

Is orthu ar mhaith leo bheith i gceannas ar nó páirteach i ngluaiseacht ar son athruithe shóisialta bhunúsaigh atá an dualgas radharc a thabhairt trína n-iompar, tréithe carachtair den chineál a ndearna Ché Guevara cur síos orthu san aiste leis "An Sóisialachas agus an Duine i gCúba". Mar shampla:

> *Lig dom rá, ar phriacal cheap magaidh a dhéanamh díom, go bhfuil mothúcháin mhóra an ghrá mar threoir ag an fhíor-réabhlóidí. Ní féidir smaoineamh faoi réabhlóidí údarach gan an tréith seo. Tá seo ar dhrámaí móra an chinnire; caithfidh sé meon lasánta a aontú le hintinn fhaobhair agus cinneadh ar chomhairle léanmhar gan cúbadh. Caithfidh ár réabhlóidithe atá ar thús cadhnaíochta a ngrá don phobal, agus do na cúiseanna is dílse, a idéalú, agus grá amháin doroinnte a dhéanamh de.*

Gabhann na tuairimí i bhfocail thuas na buntréithe is gá don réabhlóidí agus tugann siad chun solais an riachtanas dúinn mar ghníomhaígh pholaitiúla go dtabharfaidh ár n-iompar radharc ar thréithe an ord nua ar mhaith linn a bheith páirteach ina chruthú.

Tá dualgas ar gach gníomhaíoch polaitiúil réabhlóideach tréaniarracht a thabhairt ar gach a bhfuil uasal sa chine daonna a léiriú; caithfidh gníomhaígh i ngluaiseacht ar son athruithe réabhlóidigh trína ngníomhartha na tréithe daonna is uaisle a chur i bhfeidhm.

I láthair na fimíneachta agus an fhrithrá a chuireann córas creiche an chapitleachais chun tosaigh, caithfidh muid a bheith mar theachta ar mhórán bealach ar an chineál fear agus ban a thiocfas ó shochaí chóir sa todhchaí.

5.4 *Iompar & Gníomhaíochas Polaitiúil Réabhlóideach*
Tá sé ríthábhachtach go n-aithníonn muid go bhfuil iadsan a dhéanann ionadaíocht do theachtaireacht pholaitiúil feicthe mar íomhá na teachtaireachta sin. Sa chomhthéacs seo tá sé fíorthábhachtach go mbíonn a ndeir muid agus a ndéanann muid mar dhaoine aonair agus ghníomhaígh pholaitiúla comhsheasmhach.

Baineann an dóigh a fhéachtar ar ghluaiseacht pholaitiúil a oiread leis an dóigh a bhraithtear í agus lena bhfuil ina clár polaitiúil. Má tá grúpa gníomhaíoch ag iarraidh bheith ina rannpháirtí fadtréimhseach i saol polaitiúil an náisiúin caithfear meas a bheith ag na daoine ar mhaith leo a mhelladh isteach agus tacadóirí féideartha orthu. Ní féidir seo a bhaint amach

ach de bhua ár n-iompar ar bhealach nach ndéanann aithris ar na luachanna frithghníomhacha an chórais ar mhian linn a mhalartú.

Nuair a thaobhaíonn muid le sochaí a mheasann go bhfuil cách cothrom astu féin agus gur maith an airí orthu rannpháirtíocht dhomhain agus iomlán i saol an náisiúin, ní mór dúinn féin seo a léiriú i gcónaí inár n-iompar le daoine eile.

Ciallaíonn seo mar shampla nach bhfuil aon spás i ngluaiseacht dháiríre ar son athruithe shóisialaigh réabhlóidigh do nochtadh an ghnéasachais, chiníochais, tseicteachais, tseobhaineachais nó móthú barrchéimíochta i dtaca le daoine eile. Is comhartha an uile iompar seo ar fhoirm de chaidrimh shóisialta atá éagórach agus leatromach go bunúsach agus go dúchásach.

Is gá nach laghdaíonn an clú a chuirtear orainn de bhua ár mbriathar agus ar mbeart ár n-acmhainn ar bhaill agus thacadóirí nua a mhealladh araon. Caithfidh a ndeir muid agus a ndéanann muid cur lenár n-acmhainn tacaíocht a mhealladh agus fás. De dhroim riachtanais mar sin, tá sé ríthábhachtach gur eol dúinn gur ionadaithe muid don eagraíocht agus don teachtaireacht pholaitiúil lena ngabhann sí **riamh agus i gcónaí**.

Ciathfidh baill éirígí, agus muid ag déileáil leo siúd ar mhaith linn dul i gcion orthu, a bheith múinte, aibí agus d'iompar coiteann a riarann ionracas agus díograis phearsanta agus pholaitiúil. Is muid an pointe teagmhála ní amháin don teachtaireacht pholaitiúil ach do *nadúr* an ghrúpa chomh maith.

Nuair a labhraíonn muid le gníomhaígh pholaitiúla eile faoin ghá le comhcheangal polaitiúil leathan ar son athruithe shóisialta, caithfidh muid lorg a fhágáil orthu, arís, ní amháin maidir lenár dteachtaireacht ach lenár n-iompar aonair agus i dteannta a chéile freisin.

Bá chóir go n-iompródh gach ball i dtaca le daoine eile de réir phrionsbail an cheartais, mheasa agus an mhian go mbeidh gach duine ionraic le chéile. Mar sin de, ná bíodh baill páirteach in iompar atá maslach, a thugann drochíde do dhaoine ná a bhréagnaíonn an fhealsúnacht pholaitiúil lena ngabhann an grúpa.

Má tá muid le bheith rathúil inár n-iarrachtaí beidh meas agus tacaíocht chuid mhór den daonra de dhíth orainn. Ní bhainfear seo amach go dtí go bhféachtar orainn mar dhaoine a bhfuil comhoibriú agus tacaíocht tuillte againn. Maidir leis seo, caithifdh muid a bheith gan locht i mbéal an phobail trí eitic réabhlóideach a chleachtadh go seasta.

Mar ghníomhaígh caithfidh muid féachaint le cúiseamh na fimíneachta a sheachaint; nuair a labhraíonn muid faoin ghá lena leithéid d'idéa mór agus fuascailt, comhionannas agus ceartas srl., is gá go mbíonn muid ag iarraidh a bheith inchurtha leis na hidéil chéanna sin, inár saol pearsanta agus polaitiúil araon.

Trínár n-iarrachtaí ár n-ídéil a bheochan beidh áit ard bainte amach againn le dul i gcion ar dhaoine eile agus le taispeáint ar bhealach cinnte go bhfuil slí eile bheatha agus bhaint lena chéile féideartha. Nuair a chruthaíonn muid

agus daoine eile go bhfuil gá le córas eile tá súil againn go mbeidh nochtadh tugtha trínár ngníomhartha agus n-iompar ar an fhoirm níos daonna ina bhféidr linn baint le chéile go sóisialta.

6.0 Nós Imeachta Smachta

6.1 Caithfidh aon ghrúpa atá ag iarraidh athrú réabhlóideach sa sochaí a chur i gcrích cinntiú go bhfuil a mbaill ina n-ambasadóirí don ghrúpa agus dá n-anailís dá réir. Níl aon áit do fhimíneacht aonair taobh istigh de streachailt réabhlóideach. Sa chás seo is é an trua é gur riachtanas é nós imeachta smachta nuair a theipeann ar dhuine cloí lena thiomanatas do streachailt réabhlóideach.

Tá an nós imeachta thíos leagtha amach chun éirígí a chosaint agus ceart an duine aonair ar cheartas nadúrtha a chaomhnú ag an am céanna. Is iad na cúinsí ina mbeidh duine faoi réir ag nós imeacht smachta ná nuair a chuirtear ina leith gur tharraing siad míchlú ar éirígí trína ngníomhartha, nó nuair a chuirtear ina leith go mbréagnaíonn a ngníomhartha bunluachanna agus éiteas éirígí. Ta na bunluachanna agus éiteas seo i gcód iompraíochta éirígí agus i gcáipéisí eile éirígí.

Tá an nós imeachta smachta thíos gearr ó nadúr agus deartha chun córas cothrom agus follasach le deachrachtaí inmhéanacha a láimhseáil, a sholáthar. Ní bheadh éirígí in ann reachtú do gach féidearthacht insamhlaithe agus mar sin de caithfidh gnáthchiall agus mian cheartas nadúrtha a thabhairt iad a threorú.

6.2.0 Nuair a chuirtear An Ciorcal Náisiúnta ar an eolas faoi fheall féideartha de chuid baill ar iompar inghlactha ainmneoidh An Ciorcal Náisiúnta painéal fiosraithe tosaigh ina mbeidh beirt bhall d'éirígí.

6.2.1 Nuair a chinneann an fiosrú tosaigh go bhfuil an feall ceaptha de chineál a thugann údar le fiosrú iomlán ainmneoidh An Ciorcal Náisiúnta painéal smachta de thriúr (nach raibh ar an phainéal fisoraithe tosaigh).

6.2.2 Nuair a chinneann an painéal fiosraithe nó an painéal smachta go bhfuil an feall chomh trom go dtugann sé údar leis an bhall, ar cuireadh an líomhain ina leith, a chur ar fionraí láithreach bonn beidh an chumhacht ag an dá phainéal ballraíocht an duine a chur ar fionraí.

6.2.3 Rachaidh an paineál chun cainte le gach duine a bhaineann leis an líomhain agus baileoidh siad aon eolas ábhartha eile.

6.2.4 Beidh an deis ag an duine ar cuireadh feall ar iompar inghlactha ina leith an líomhain a bhréagnú agus glaoch ar dhaoine eile chun tacú lena gcás nó ionadaíocht a dhéanamh dá gcás.

6.2.5 Tiocfaidh an painéal ar thuairimí an gcreideann siad go bhfuil na líomhaintí fíor nó bréagach go leor. Nuair a fhaightear amach go bhfuil na líomhaintí fíor go leor molfaidh an painéal go gcuirfear smachtbhanna.

Féadfaidh an smachtbhanna bheith i bhfoirm rabhaidh bhéil, rabhaidh scríofa, fionraíochta nó díbeartha.

6.2.6 Glacfar gach moladh smachtbhanna chuig An Chiorcal Náisiúnta a mbeidh an rogha acu glacadh leis nó diúltú do na moltaí.

6.2.7 Ní féidir leis An Chiorcal Náisiúnta cinneadh painéil smachta a aisiompú maidir le fírinne nó bréag líomhaine, agus ní féidir leo smachtbhanna a chur atá níos troime ná sin atá molta ag an phainéal smachta.

6.2.8 Tá an ceart ag gach ball achomharc a dhéanamh ar chinneadh nó smachtbhanna ina n-éadan. Sa chás seo athbhreithneoidh painéal triúr (nach raibh bainte le ceachtar den phaineál fiosraithe nó smachta ábhartha) an t-eolas a bhí ar fáil don chéad phainéal smachta agus pé eolas breise ábhartha araon. Tá an chumhacht ag an phainéal achomhairc comhairle an chéad phainéil smachta a aisiompú agus an smachtbhanna curtha ag An Chiorcal Náisiúnta a laghdú (ach chan a mhéadú).

6.3.0 I gcás gach ceapachán ar gach painéal déanfar seacht ndícheall le cinntiú nach raibh na daoine ar an phainéal bainte leis an líomhain atá déanta.

6.3.1 Déanfar seacht ndícheall le cinntiú nach mbeidh daoine ar an phainéal a bheadh claonta mar gheall ar a seanchaidreamh leis an duine os comhair an phainéil.

6.3.2 Tabharfaidh An Ciorcal Náisiúnta ar gach ball painéil go stiúrfaidh an mian go gcomhlíonfar ceartas nadúrta iad agus go gcaithfidh siad leis an duine os a gcomhair gan fabhrach ná faitíos.